





AN BORD PLEANÁLA
ANNUAL REPORT 2010

AN BORD PLEANÁLA
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010



CONTENTS

	Page
Members of the Board	4
Chairperson's Statement	5
All cases	9
Normal planning appeals	13
Strategic Infrastructure Cases	18
Other cases	21
Human Resources	22
Finance	25
Evaluation of 2010 Performance	26
Legal proceedings	29
Customer Service / Complaints	30
Consultations with other bodies	31
Energy Efficiency	32
Appendices	
Appendix 1 Analysis of normal planning appeals	33
Appendix 2 Analysis of rural housing decisions	34
Appendix 3 Normal planning appeals received/ decided by area	35
Appendix 4 Normal planning appeals by development category/area	36
Appendix 5 Cases disposed of by reference to statutory objective period	37
Appendix 6 Prompt Payment of Accounts Act	38
Appendix 7 Statement on System of Internal Financial Control	40
Appendix 8 Statement on Remuneration and Members' Fees	42
Appendix 9 Financial Statements	43
	Income and Expenditure 48
	Balance Sheet 49
	Cash Flow Statement 50
	Notes to the Financial Statements 51
Appendix 10 Report of the Comptroller and Auditor General	59

CLÁR

	Leathanach
Comhaltaí an Bhoird	4
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Gachcás	9
Gnáth achomhairc phleanála	13
Cásanna Bonneagair Straitéisigh	18
Cásanna eile	21
Acmhainní daonna	22
Airgeadas	25
Meastóireacht ar an Fheidhmíocht le linn 2010	26
Imeachtaí dlíthiúla	29
Seirbhísí/Gearáin Custaiméara	30
Comhairliú le comhlachtaí eile	31
Éifeachtúlacht Fuinnimh	32
Aguisíní	
Aguisín 1 Anailís ar ghnáth achomhairc phleanála	33
Aguisín 2 Anailís ar chinntí ar thithíocht tuaithe	34
Aguisín 3 Gnáth achomhairc phleanála faighte/le cinneadh déanta de réir ceantair	35
Aguisín 4 Gnáth achomhairc phleanála de réir catagóire/ceantair forbartha	36
Aguisín 5 Cásanna a cuireadh de lámh trí thagairt do sprioc thréimhse reachtúil	37
Aguisín 6 An tAcht um Íoc Pras Cuntas	38
Aguisín 7 Ráiteas ar an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach	40
Aguisín 8 Ráiteas ar Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí	42
Aguisín 9 Ráitis Airgeadais	43
	Ioncam agus Caiteachas 48
	Clár Comhardaithe 49
	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 50
	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 51
Aguisín 10 Tuarascáil an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste	59

MEMBERS OF THE BOARD

COMHALTAÍ AN BHOIRD



1 John O'Connor

Chairperson/ Cathaoirleach

2 Brian Hunt

Deputy Chairperson/ Leas Chathaoirleach

3 Karl Kent

4 Angela Tunney

5 Jane Doyle

6 Brian Swift

7 Mary MacMahon

8 Conall Boland

9 Margaret Byrne

10 Mary Bryan

CHAIRPERSON'S STATEMENT

The downward trend in the intake of cases, particular planning appeals, continued in 2010 with the result that the total number of cases of all types on hand at year end was reduced to under 1,000 for the first time in many years. A number of large infrastructure applications were progressed during the year. Costs throughout the organisation were scrutinised in detail and kept to the minimum level possible. We continued to review corporate governance to ensure it is in line with best practice and Government guidance.

Workload and Performance in 2010

The following gives an overview of the Board's workload and performance in 2010:

- Intake of new cases 2,850 - down 25% on 2009.
- Cases determined 3,248 - down 36% on 2009.
- 18 week statutory objective met in 63% of cases, compared to 26% in 2009.

The rate of compliance with the time objective improved progressively during the year and in the final quarter 70% of cases were determined within the 18 week period.

Other noteworthy features in 2010

The rate of reversal of local planning authority decisions appealed showed an increase - 36% in 2010 compared to 34% in 2009.

53% of planning appeals lodged with the Board came from third parties, a slight decrease on recent years.

Invalid appeals constituted 8.2% (7.7% in 2009) of all appeals determined, with invalid fee (3.4%), late appeals (2%) and third party appeals with no acknowledgement (1.9%) being the main reasons. Appeals withdrawn as a percentage of the intake decreased to 3.8% (5.3% in 2009).

There were 51 applications for leave to appeal by third parties of which 20% succeeded.

Strategic Infrastructure

Of the 9 formal decisions on non-local authority strategic infrastructure projects in 2010, 3 were made within the statutory objective period of 18 weeks following the holding of oral hearings. Unfortunately the sheer scale and complexity of some projects, the need to ensure meaningful public participation and, on occasion, the need to request and analyse further information results in it not being possible to determine some cases within the 18 week period. By end April 2011, 2 further decisions had been made in these cases (the cases in question include controversial cases such as Metro North and the Corrib Gas Pipeline).

RAITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Lean an treocht anuas i líon na gcásanna, go háirithe na n-achomharc pleanála, sa bhliain 2010 ionas go raibh líon iomlán na gcásanna de gach cineál a bhí fós idir lámha ag deireadh bliana go faoi bhun 1,000 den chéad uair le blianta fada. Rinneadh dul chun cinn i roinnt iarratas mórbhonneagair i gcaitheamh na bliana. Coimeádadh súil ghéar ar gach costas ar fud na heagraíochta agus laghdaíodh iad a mhéid ab fhéidir. Bhí an rialachas corparáideach faoi athbhreithniú i gcónaí féachaint an raibh sé ar aon dul leis an gcleachtas is fearr agus le treoir an Rialtais.

Ualach Oibre agus Feidhmíocht sa bhliain 2010

Gheofar foramharc ar ualach oibre agus ar fheidhmíocht an Bhoird sa bhliain 2010 ón mhéid seo a leanas:

- Glacadh le cásanna nua 2,850 – laghdú de 25% ar 2009.
- Cásanna cinnte 3,248 – laghdú de 36% ar 2009.
- Comhlíonadh an cuspóir reachtúil 18 seachtaine i 63% de chásanna, i gcomparáid le 26% sa bhliain 2009.

Cuireadh feabhas suntasach ar chomhlíonadh an chuspóra ama i gcaitheamh na bliana agus sa ráithe dheireanach cinneadh 70% de chásanna laistigh den tréimhse 18 seachtaine.

Gnéithe eile ar dhíol suntais iad sa bhliain 2010

Chonacthas laghdú sa ráta aisiompaithe ar chinntí údaráis áitiúla – 36% sa bhliain 2010 i gcomparáid le 34% sa bhliain 2009.

Achomhairc phleanála ó thríú páirtithe ab ea 53% de na hachomhairc phleanála a lóisteáladh leis an mBord, rud arbh ionann agus laghdú beag ar bhlianta beaga anuas.

B'ionann agus 8.2% (7.7% sa bhliain 2009) céatadán na gcinntí ne-amhbhailí de na cinntí ar fad, agus ba iad táille neamhbhailí (3.4%), achomhairc dhéanacha (2%) agus achomhairc thríú páirtithe nár ad-mhaíodh (1.9%) na príomhchúiseanna a bhí leo. Thit líon na n-achomharc aistarraingthe mar chéatadán de na hachomhairc ar fad go 3.8% (5.3% sa bhliain 2009).

Rinneadh 51 iarratas ar chead achomhairc ag tríú páirtithe ar éirigh le 20% díobh.

Bonneagar straitéiseach

Den aon chinneadh 9 foirmiúil ar thionscadail bhonneagair straitéisigh sa bhliain 2010 nár bhain le húdaráis áitiúla, rinneadh 3 cinn díobh laistigh den spriocthréimhse reachtúil d'18 seachtaine tar éis na héisteachta ó bhéal. Ar an drochuair níorbh fhéidir cásanna áirithe a chinneadh laistigh den spriocthréimhse 18 seachtaine i ngeall ar scála agus ar chastacht na dtionscadal sin, ar an ngá le cinntiú go raibh an pobal páirteach ar shlí lánbhrioch agus, anois is arís, ar an ngá a bhí le faisnéis bhreise a lorg agus a anailísiú. Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2011, bhí dhá chinneadh eile déanta sna cásanna seo (ar na cásanna sin bhí cásanna conspóideacha Metro North agus Phiblíne Gháis na Coiribe).

Since the commencement of the Strategic Infrastructure Act in January, 2007 the Board has entered into 189 pre-application consultations with prospective applicants, 155 of which have concluded – 326 pre-application consultation meetings have been held in this period and a total of 46 formal applications have been received. In the same period the Board has also received a total of 97 local authority strategic infrastructure project applications, including major road projects.

Planning appeals can also involve proposed development which would be deemed major infrastructure and these appeals continue to be prioritised by the Board. In 2010 the Board received 127 and disposed of 188 such appeals, 33% of which were disposed of within 18 weeks.

In the present economic climate the Board is conscious of the need to process cases relating to major infrastructural projects and those with job-creation potential in the shortest possible timeframe. Procedures have been put in place to achieve this.

Current Trends and Outlook

The early months of 2011 have shown a continuing low level of intake. Approximately 79% of all cases are being determined within the statutory time objective and generally those cases not meeting this timeline involve particular reasons, such as an oral hearing, a request for further information, raising of new issues or invitation to amend the proposed development. The Board's strategic target is to decide 90% of cases within the timeline and there is a continuing focus on attaining that target as quickly as possible. This is reflected in the Annual Plan for 2011 which has been adopted by the Board.

Resources and Structures

Like other areas of the public sector the Board is required to operate off a reduced budget for 2011 – in this regard the Board's grant from central exchequer funds has been reduced by approximately 5% from that pertaining in 2010 (to €12.829 million). This cut allied to significant reductions in fee income and an embargo on recruitment of replacement staff poses a significant challenge to the Board in meeting its overall remit. However I remain confident that the members and staff of the Board will continue to give their full commitment to a continued focus on delivering on our performance objectives and making An Bord Pleanála a first-class public service organisation. Except in a small number of cases where specialist input is required, the Board has ceased to use outside consultants. The Board's past policy of meeting the peak in workload by engaging fee-per-case inspectors considerably reduces the impact of the decline in activity on the permanent staff complement.

Ó tháinig an tAcht um Bonneagar Straitéiseach i bhfeidhm in Eanáir 2007 tá an Bord tar éis dul i gcomhairle ar 189 ócáid roimh an iarratas le hiarrthóirí ionchasacha, ar tugadh 155 díobh chun críche – tionóladh 326 cruinniú comhairliúcháin réamhiarratais sa tréimhse sin agus fuarthas 46 iarratas foirmiúil. Sa tréimhse chéanna fuair an Bord 97 iarratas ó údarais áitiúla ar thionscadail a bhain le bonneagar straitéiseach, lena n-áirítear mórthionscadail bóthair.

Is féidir le forbairt bheartaithe a d'aicmeofaí mar bhonneagar tábhachtach a bheith mar chuid de na hachomhairc phleanála sin agus tugann an Bord tús áite do na hachomhairc sin i gcónaí. Fuair an Bord 127 iarratas den sórt sin sa bhliain 2010 agus cuireadh 188 achomharc den sórt sin de láimh; ba é 33% an céatadán a cuireadh de láimh sa chéad 18 seachtaine.

Agus cúrsaí geilleagracha faoi mar atá, tá an Bord meabhrach ar an ngá atá le cásanna a bhaineann le mórthionscadail bhonneagair agus tionscadail a d'fhéadfadh poist a chruthú a phróiseáil a luaithe is féidir. Tá nósanna imeachta ceaptha againn chun é sin a dhéanamh.

Treochtaí agus Dearcadh Reatha

Sna chéad mhíonna den bhliain 2011 bhí líon na gcásanna nua íseal i gcomórtas le blianta eile. Cinntear tuairim is 79% de chásanna laistigh den spriocthréimhse reachtúil agus is iondúil go mbíonn cúis ar leith ann nach gcomhlíontar an sprioc sna cásanna eile, cúiseanna mar éisteacht ó bhéal, iarratas ar fhaisnéis bhreise, saincheisteanna nua a bheith tarraingthe anuas nó cuireadh á thabhairt chun forbairt bheartaithe a leasú. Is é sprioc straitéiseach an Bhoird 90% de chásanna a chinneadh laistigh den spriocthréimhse agus tá gach iarracht á déanamh chun an sprioc sin a bhaint amach a luaithe is féidir. Bunaíodh an Plean Bliantúil don bhliain 2011, atá glactha ag an mBord, ar an sprioc sin.

Acmhainní agus Struchtúir

Dála réimsí eile den earnáil phoiblí táthar ag iarraidh ar an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhuiséad laghdaithe don bhliain 2011 – laghdaíodh deontas an Bhoird ón státchiste de 25% nó mar sin ar an méid a fuarthas a bhliain 2010 (to €12.829 milliún). Dúshlán mór is ea é don Bhord a shainordú a chur i gcrích i bhfianaise an chiorraithe sin agus i bhfianaise an laghdaithe mhóir ar tháillí agus an lánchoisc ar earcú foirne athsholáthair. Mar sin féin, táim muiníneach go mbeidh baill agus foireann an Bhoird chomh díograiseach céanna agus a bhí riamh mar gheall ar chuspóirí feidhmíochta an Bhoird Phleanála a bhaint amach agus eagraíocht seirbhíse poiblí den chéad scoth a dhéanamh den Bhord. Ní bhaineann an Bord úsáid a thuilleadh as comhairleoirí sheachtracha, ach sa líon beag cásanna ina mbíonn gá le hionchur speisialtóra. Bhíodh sé de nós ag an mBord cigirí a fhóstu ar bhonn táille in aghaidh an cháis nuair a théadh an t-ualach oibre os cionn tairseach áirithe, rud a mhaolaíonn éifeacht an laghdú ar ghíomhaíocht ar an fhoireann bhuan.

Improving the Organisation

The Board is fully cognisant of the Government programme for the on-going transformation of the Irish Public Service arising from the Report of the Task Force on the Public Service and is continuing to organise its operations and human resources to align with the approaches set out in the programme. Achievement of a higher overall level of compliance with the statutory objective time period of 18 weeks is a top priority for the Board and its internal performance targets for teams and individuals include the achievement of the necessary internal time lines for processing of cases to facilitate compliance with the overall objective. Clear performance measurement is on-going with the necessary feedback and appraisal systems in place to drive performance to the levels required to meet our overall objectives. Internal staff mobility and flexibility in work practices facilitate staff moving to areas of the organisation on an on-going basis as the need arises in line with work flow demands.

The Irish Language

The Board welcomes the use of the Irish Language by those doing business with us and encourages and supports staff to become fluent in the language. The scheme under section 11 of the Official Languages Act 2003 detailing the services provided through Irish has been reviewed.

Public Confidence

The Board's three core principles of independence, impartiality and openness are embedded in our Mission Statement and objectives and underpinned by legislation. We are always mindful that public confidence depends on the integrity and quality of our decision-making and the professionalism with which we carry out our functions. There is a statutory code of conduct for all Board members, staff and consultants, which places stringent obligations on members and employees of the Board to declare interests and conduct themselves generally in a way that reinforces public confidence. This code is being reviewed and improved in the light of experience and general government guidance. It is the Board's policy to adopt the most open approach possible in its relations with the public and we operate a completely open file system once cases are determined. As our decisions can relate to major developments, it is only natural that some of them give rise to public controversy. However, the Board considers it proper to maintain long established practice of not engaging in discussion on individual cases because of the quasi-judicial nature of our functions and to avoid the risk of prejudicing future cases.

Complaints/ Post Decision Correspondence

As part of our increased focus on customer service, the Board operates a system of considering complaints/ post decision correspondence received in relation to cases determined. 234 such items were received in 2010 and 220 responses issued in the year. There is a system of feedback at all levels within the organisation so that we can learn from issues raised and improve procedures where necessary.

An Eagraíocht a Fheabhsú

Tá an Bord Pleanála ar an eolas go hiomlán faoi chlár an Rialtais chun seirbhís phoiblí na hÉireann a chlauchtú go leanúnach ag éirí as Tuarascáil an Tascfhórsa ar an tSeirbhís Phoiblí agus tá a oibríochtaí agus a acmhainní daonna á n-eagrú i gcónaí aige le go mbeidh siad ar aon dul leis an gcineál cur chuige atá leagtha amach sa chlár. Tosaíocht de chuid an Bhoird is ea é bheith in ann an spriocthréimhse reachtúil 18 seachtaine a bhaint amach níos minice. Chun géilliúlacht don mhórchuspóir sin a éascú, tá sé ar cheann de na spriocanna inmheánacha feidhmíochta d'fhoirne agus do dhaoine aonair na spriocdhátaí inmheánacha maidir le próiseáil cásanna a bhaint amach. Tá tomhas soiléir leanúnach á dhéanamh ar fheidhmíocht, agus tá córais riachtanacha aiseolais agus breithmheasa i bhfeidhm leis an bhfeidhmíocht a thiomáint i dtreo na leibhéil is gá chun ár mórchuspóirí a bhaint amach. Tá córas soghluaisteachta/solúbthachta i bhfeidhm don fhoireann freisin sa chaoi is gur féidir le baill foirne bogadh i gcónaí go dtí áiteanna san eagraíocht ina bhfuil gá leo chun obair a dhéanamh.

An Ghaeilge

Cuireann an Bord fáilte rompu siúd a fhéachann lena gcuid gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, agus spreagtar agus tacaítear leis an bhfoireann chun líofacht a bhaint amach sa teanga. Rinneadh athbhreithniú ar an scéim a shonraíonn na seirbhísí ba chóir a bheith ar fáil trí Ghaeilge faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Muinín an Phobail

Tá trí bhunphrionsabal an Bhoird, mar atá, neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus oscailteacht, ina ndlúthchuid dár Ráiteas Misin agus dár gcuspóirí, agus tacaítear leo sa reachtaíocht. Is feasach dúinn i gcónaí go mbraitheann muinín an phobail ar shláine agus ar chaighdeán na gcinntí a dhéanaimid, agus ar a ghairmiúla agus a chomhlíonaimid ár bhfeidhmeanna. Tá cód iompair reachtúil ann do chomhaltaí, d'fhoireann agus do chomhairleoirí uile an Bhoird, cód a leagann diandualgais ar chomhaltaí agus ar fhostaithe an Bhoird a sainleasanna a fhógairt agus iad féin a iompar ar bhealach a chhothaíonn muinín an phobail. Tá an cód sin á athbhreithniú agus á fheabhsú i bhfianaise thaithí agus i bhfianaise treoir ghinearálta an rialtais. Tá sé mar bheartas ag an mBord a bheith chomh hoscailte agus is féidir agus muid ag plé leis an bpobal, agus feidhmímid de réir córais ina mbíonn na comhaid ar oscailt i gcónaí don phobal ón uair a dhéantar cinneadh faoi chásanna.

Ós rud é go bhféadfadh baint a bheith ag ár gcinntí le hábhair thábhachtacha, ní haon ionadh é go gcothódh cuid acu conspóid phoiblí. Measann an Bord, áfach, gur cuí cloí leis an gcleachtas seabhunaithe agus gan páirt a ghlacadh i ndíospóireacht faoi chásanna ar leith, toisc nádúr gar-bhreithiúnach ár bhfeidhmeanna agus ionas nach ndéanfar dochar do chásanna sa toadhchál.

Gearáin/Comhfhreagras Iar-Chinnidh

Mar chuid den iarracht a dhéanaimid chun seirbhísí don chustaiméir a fheabhsú, tá córas i bhfeidhm ag an mBord chun breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi na cásanna a cinneadh. Fuarthas 234 gearán sa bhliain 2010, agus eisíodh 220 freagra ar ghearáin le linn na bliana. Tá córas aiseolais ann ag gach leibhéal den eagraíocht, sa chaoi is gur féidir linn foghlaim ó na saincheisteanna a ardaítear agus chun feabhas a chur ar ár ngnáthaimh nuair is gá sin.

Accounts

Appendix 9 contains the Board's audited accounts for 2010. Expenditure decreased from €24,172,529 in 2009 to €21,439,852 in 2010 (a decrease of 11.30%). In 2010, fee income together with costs recouped from local authorities on infrastructure projects was €3,297,674 which represented 15.38% of the total costs of the Board's operations (18.19% in 2009). In 2010, income amounted to €21,662,212 leaving a surplus for the year of €222,360. There was an incoming deficit of €324,766 which left a cumulative deficit of €102,406.

Valediction and Thanks

This is my final annual report as I reach the end of my eleven years of service as Chairperson of An Bord Pleanála. It has been a great privilege to serve in that capacity. Over that period the Board's role in Irish society has increased in importance and scope and I am happy that, in the overall, it has discharged its public duties in an effective and reasonably efficient manner, never motivated by anything other than the public good. I believe that I leave the organisation in a situation where it is fit for purpose to continue to set high standards in decision-making in relation to planning and the environment and to provide an efficient public service in the future under the direction of a new chairperson who has my best wishes. I have always been impressed by the respect that is constantly shown from all quarters for the independence and impartiality of the Board. This is due, in no small measure, to the exemplary conduct and dedication of past and present members and staff. During 2010, 3 Board members ended their service with the Board. I wish Brian Hunt, who served as deputy chairperson for 8 years, Margaret Byrne who was a member for over 15 years and Mary Bryan well in their retirements and future careers.

I wish to thank the previous Ministers for the Environment, Heritage and Local Government, the previous Minister of State with responsibility for planning, the current Minister for the Environment, Community and Local Government Mr. Phil Hogan TD and the Minister for State with responsibility for Planning Mr. Willie Penrose TD and officials of the Department for their support for the Board. Thanks are also due to the various consultants who provide an invaluable service to the Board, the management and officials of planning authorities for their cooperation and to the Board's legal advisers.

Finally I wish to express my great appreciation and thanks to all who have served with me, both as members and staff in the Board over the past 11 years.



John O'Connor
Chairperson
25 May 2011

Cuntais


Gheofar in Agusín 9 cuntais iniúchta an Bhoird don bhliain 2010. Tháinig laghdú ar chaiteachas ó €26,291,462 sa bhliain 2009 go €24,172,529 sa bhliain 2010 (laghdú de 11.30%). Sa bhliain 2009, bhí an t-ioncam ó tháillí, móide na costais a fuarthas ar ais ó údarais áitiúla ar thionscadail bhonneagair, cothrom le €2,333,065, arbh ionann é agus 15.38% de chostais iomlán oibriúcháin an Bhoird (18.19% sa bhliain 2009). Sa bhliain 2010 b'ionann an t-ioncam agus €21,662,212, rud a d'fhág barrachas de €222,360 don bhliain. Bhí easnamh isteach de €324,766 ann, rud a d'fhág easnamh carnach de €102,406.

Slán agus Buíochas

Seo é an tuarascáil bhliantúil dheiridh uaim agus mé ag tarraingt ar aon bhliain déag de sheirbhís a bheith curtha isteach agam mar Chathaoirleach ar an mBord Pleanála. Ba mhór an phribhléid é fónamh sa chail sin. Mhéadaigh tábhacht agus scóip ról an Bhoird i sochaí na hÉireann le linn na tréimhse sin agus táim sásta, tríd is tríd, gur chomhlíon sé a dhualgais phoiblí go héifeachtach agus go réasúnta éifeachtúil gan de spreagadh againn riamh ach leas an phobail. Creidim go bhfuil an eagraíocht atá á fhágáil agam oiriúnach don fheidhm lenar ceapadh é agus go leanfaidh sí uirthi d'ardchaighdeán chinnteoireachta a leagan síos maidir le pleanáil agus an timpeallacht, agus gur seirbhís phoiblí éifeachtach a bheith inti sa todhchaí faoi stiúir cathaoirligh nua a nguim gach rath air nó uirthi. Chuaigh sé i bhfeidhm orm riamh a leithéid de mheas a thaispeánann gach duine ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht an Bhoird. Toradh é sin, a bheag nó a mhór, ar an iompar gan locht agus ar dhílseacht na gcomhaltaí agus na foirne reatha agus san am atá caite. D'éirigh triúr comhalta den Bhord amach as an mballraíocht den Bhord le linn na bliana 2010. Guím gach rath ina dtréimhse scoir agus ina saolré feasta ar Brian Hunt, a bhí ina leaschathaoirleach ar feadh ocht mbliana, ar Margaret Byrne, a bhí ina comhalta ar feadh cúig bliana déag agus ar Mary Bryan.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na hiar-Airí Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, leis an iar-Aire Stáit atá freagrach as pleanáil, leis an Aire reatha Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, T.D., agus leis an Aire Stáit atá freagrach as Pleanáil, Willie Penrose, T.D., agus le hoifigigh na Roinne as a dtacaíocht don Bhord. Is cúig go ngabhaimid buíochas, freisin, leis na comhairleoirí éagsúla a thugann seirbhís den scoth don Bhord, leis an lucht bainistíochta agus le hoifigigh na n-údarás pleanála as a gcomhoibriú, agus le comhairleoirí dlí an Bhoird.

Mar fhocal scoir is mian liom ardmheas a léiriú ar na daoine ar fad a d'fhóin liom, mar chomhaltaí agus mar bhaill foirne an Bhoird san aon bhliain déag seo caite, agus mo bhuíochas a ghabháil leo.



Seán Ó Conchúir
Cathaoirleach
25 Bealtaine 2011

ALL CASES

GACH CÁS

Figures 1 to 5 contain key performance indicators in relation to all casework received and disposed of by the Board in 2010. A breakdown of casework by reference to normal planning appeals, local authority projects and other cases is provided in Figures 6 to 13.


I bhFíoracha 1 go 5 gheofar na príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach cásobair dá bhfuarthas agus dár chuir an Bord de láimh i 2010. Cuirtear miondealú den chásobair ar fail i bhFíoracha 6 go 13, le tagairt do ghnáthachomhairc phleanála, do thionscadail údaráis áitiúil agus do chásanna eile.

FIGURE 1

Trend in intake, disposal and cases on hands 2001 to 2010

FIGIÚR 1

Claonadh i gcásanna a fuarthas, a cuireadh de láimh agus a bhí idir lámha 2001 go dtí 2010







FIGURE 2 Summary of all Cases		FIGIÚR 2 Achoimre Gach Cás		
		2010	2009	Méadú/(laghdú) % Increase/(decrease)
On hands at start	Idir lámha ag an tús	1,332	2,636	(49%)
Received	Faighte	2,850	3,786	(25%)
Disposed of	Curtha de láimh	3,248	5,090	(36%)
On hands at end	Idir lámha ag an deireadh	934	1,332	(30%)
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil	63%	26%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	20	23	(13%)

Statutory objective periods for determining cases

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of the Board a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time.

In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies. It is a strategic objective of the Board to determine 90% of all cases which come before it within eighteen weeks/four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.


Spriocthréimhsí reachtúla le cásanna a chinneadh

Faoi fhorálacha sna hAchtanna agus sna Rialacháin um Pleanáil, um Rialú Foirgníochta agus um Thruailliú Uisce a rinneadh faoi na hAchtanna seo leagtar síos mar chuspóir de chuid an Bhoird riachtanas chun a chinntiú go dtabharfar cinneadh ar achomhairc agus ar ábhair áirithe eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama.

I bhformhór na gcásanna, 18 seachtaine atá i gceist; ceithre mhí atá i gceist i gcásanna áirithe agus i gcásanna eile fós níl aon sprioc-thréimhse reachtúil i bhfeidhm. Cuspóir straitéiseach de chuid an Bhoird is ea é 90% de na cásanna ar fad a thagann os a chomhair a chinneadh laistigh de ocht seachtaine déag/de cheithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil spriocthréimhse reachtúil i bhfeidhm nó nach bhfuil.

FIGURE 3

**Percentage of cases determined within statutory objective period
2001 to 2010**



During 2010, the Board complied with the statutory requirement that notice in writing be served on the parties to a case where it would not be possible or appropriate to determine the case within the statutory objective period. Figure 4 gives details of the number of weeks it took to decide cases from 2001 to 2010.

FIGIÚR 3

**Céatadán de chásanna a chinntíodh laistigh den sprioc
thréimhse reachtúil 2001 go dtí 2010**

Le linn 2010, chlóigh an Bord leis an riachtanas reachtúil go dtabharfaí fógra i scríbhinn do na páirtithe i gcás áit nach féidir nó nach bhfuil sé oiriúnach cinneadh a dhéanamh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil. Tugann Figiúr 4 sonraí faoi líon na seachtain a thóg sé cinneadh a dhéanamh i gcásanna ó 2001 go dtí 2010.

FIGURE 4

Average time taken to dispose of cases (weeks)

FIGIÚR 4

Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtain)

Bliain	Gnáth Achomhairc Phleanála	Forbairtí Bonneagair Straitéisigh	Cásanna Eile	Iomlán
Year	Normal planning appeals	Strategic Infrastructure Development Cases	Other cases	All
2001	25	-	21	25
2002	23	-	20	23
2003	14	-	13	16
2004	14	-	9	14
2005	15	-	10	15
2006	18	-	14	18
2007	20	16	13	19
2008	24	30	27	24
2009	23	35	25	23
2010	19	46	23	20

Oral hearings

Appeals and referrals are generally dealt with on the basis of written submissions from the parties together with a site inspection by an inspector appointed by the Board. Oral hearings are generally held in relation to applications for Strategic Infrastructure Development. The Board has absolute discretion to hold an oral hearing of any case whether or not a hearing is requested.

In 2010 the number of oral hearing requests in relation to normal planning appeals was 56 and the number of hearings held was 9.

Éisteachtaí ó bhéal

De ghnáth déileáiltear le hachomhairc agus le nithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht ar an suíomh ag cigire arna cheapadh ag an mBord. Reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal de ghnáth i leith iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh. Is faoi rogha an Bhoird amháin atá sé éisteacht ó bhéal a reáchtáil i gcás ar bith cibé acu má iarrtar éisteacht nó nach n-iarrtar.


Sa bhliain 2010 ba é 56 an líon iarratas ar éisteacht ó bhéal i dtaca le gnáthachomhairc phleanála agus 9 líon na n-éisteachtaí a reachtáladh.

FIGURE 5

FIGIÚR 5

Oral Hearings of all cases

Éisteachtaí béil maidir le gach cás



Inspectors' Reports and Recommendations

In 2010, the number of formal decisions made with Inspectors' reports were 2,705. The number of Inspectors' recommendations not generally accepted by the Board was 392 (14.5%) compared to 588 (13.7%) in 2009.

Tuarascálacha agus Moltaí na gCigirí

Sa bhliain 2010 ba é 2705 an líon cinntí foirmiúla a rinneadh le tuarascálacha Cigirí. Ba é 392 (14.5%) líon moltaí na gCigirí nár ghlac an Bord leo i gcoitinne i gcomparáid le 588 (13.7%) sa bhliain 2009.

NORMAL PLANNING APPEALS

Introduction

Normal planning appeals i.e. under section 37 of the 2000 Planning Act (and under section 26 of the 1963 Planning Act for old planning cases) accounted for 88% of the intake of cases in 2010. Normal planning appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land.

Normal planning appeals may be first party, third party or first and third party. Appendix 1 analyses the above categories of appeals and the effect of appeal decisions by reference to the category of appeal and the planning authority decision.

GNATH ACHOMHAIRC PHLEANALA

Tús Eolais

Ba ghnáthachomhairc phleanála .i. achomhairc faoi alt 37 den Acht Pleanála 2000 (agus faoi alt 26 d'Acht Pleanála 1963 i gcás seanchásanna pleanála) 88% de na cásanna a glacadh sa bhliain 2010. Tagann gnáthachomhairc phleanála de chinntí ag údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt.

Is féidir le gnáthachomhairc phleanála a bheith ina n-achomhairc céad pháirtí, tríú páirtí nó céad agus tríú páirtí. Déantar anailís in Aguisín 1 ar na catagóirí achomhairc thuasluaite agus ar an éifeacht atá ag na cinntí achomhairc trí thagairt a dhéanamh do chatagóir an achomhairc agus do chinneadh an údaráis phleanála.

FIGURE 6

Summary of appeals

FIGIÚR 6

Achoimre na nAchomhairc

		2010	2009	(laghdú) %
				Increase/(decrease) %
On hands at start	Idir lámha ag an tús	1,147	2,348	(51%)
Received	Faighte	2,505	3,438	(27%)
Disposed of	Curtha de láimh	2,910	4,639	(37%)
On hands at end	Idir lámha ag deireadh	742	1,147	(35%)
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil	63%	24%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	19	23	(17%)







FIGURE 7		FIGIÚR 7	
Analysis of appeals disposed of and analysis of invalid cases		Anailís ar achomhairc a cuireadh de láimh agus anailís ar chásanna neamhbhailí	
Appeals Disposed of	Achomhairc curtha de láimh	2010	2009
Formally	Go foirmeálta	2,517	3,990
Otherwise	Ar bhealaí eile	393	649
- Invalid All	- Neamhbhailí iomlán	238	357
· late	- Déanach	59	91
· no acknowledgement	- gan admháil	55	80
· incorrect fee, no fee	- táille mícheart, gan táille	100	125
· name/address of appellant/agent	- ainm/seoladh achomharcóir/gníomhaire	10	38
· grounds/subject	- bonn/ábhar	6	10
· hours	- uaireanta	1	4
· other	- eile	7	9
- Appeal withdrawn by appellant (section 140(1) of 2000 Act)	- Achomharc aistarraingthe ag an achomharcóir (alt 140 (1) den Acht 2000)	95	173
- Application withdrawn by applicant (section 140(1) of 2000 Act)	- Iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir (alt 140(1) den Acht 2000)	54	77
- Appeal dismissed (section 133 of the 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 133 den Acht 2000)	0	1
- Appeal dismissed (section 138(1)(a)(i) of 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 138(1)(a)(i)) den Acht 2000)	2	8
- Appeal dismissed (section 138(1)(b) of the 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 138(1)(b) den Acht 2000)	2	22
- Appeal declared withdrawn (section 140(2) of 2000 Act)	- Fógraíodh gur aistarraingíodh an achomharc (alt 1 40 (2) den Acht 2000)	0	10
- Application declared withdrawn (section 140(2) of 2000 Act)	- Fógraíodh gur aistarraingíodh an t-iarratas (alt 1 40 (2) den Acht 2000)	2	0
- Otherwise disposed of	- Curtha de láimh i slí eile	0	1
Total	iomlán	2,910	4,639



Invalid Appeals

The rate of invalid appeals in 2010 increased from 7.7% in 2009 to 8.2% of the total disposed.

Late: The period for making an appeal is four weeks starting on the day a planning authority makes its decision. The Board's website has an interactive ready reckoner designed to assist in calculating the last day for making an appeal.

No acknowledgement: The stringent requirements of the 2000 Act generally require a third party appellant to include an acknowledgement from the planning authority of their submission or observation made at application stage.

Name and address: An appeal must state the name and address of the appellant and of the person, if any, acting on his/her behalf.

Appeals by Area

An analysis of planning application decisions, appeals and appeal decisions for each county and city area is shown in Appendix 3. Overall, the number of appeals received as a percentage of planning authority decisions on planning applications was 8.70%, compared to 9.0% in 2009. Dublin City Council (17.8%), Dun Laoghaire/Rathdown County Council (16.9%), and Fingal County Council (13.5%) had the highest levels of decisions appealed. Areas with the highest rate of appealed decisions overturned by the Board were Donegal (56.4%), Carlow (56.0%), and Roscommon (53.3%) while those with the lowest rate of appealed decisions overturned were Galway City Council (11.1%), Limerick City Council (22.7%) and South Dublin County Council (26.6%).

Achomhairc Neamhbhailí

Mhéadaigh ráta na n-achomharc neamhbhailí sa bhliain 2010 ó 7.7% sa bhliain 2009 go 8.2% den iomlán a cuireadh de láimh.

Déanach: Is é ceithre seachtaine an tréimhse achomhairc ag tosú ar an lá a ndéanann an t-údarás pleanála a chinneadh. Tá ré-áireamhán idirghníomhach ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird chun cuidiú le daoine an lá deireanach le hachomharc a dhéanamh a ríomh.

Gan admháil: Faoi dhianriachtanais Acht na bliana 2000 ní mór de ghnáth d'achomharcóir tríú páirtí admháil a sholáthar ón údarás pleanála maidir lena n-aighneacht nó leis an mbarúil a chuir siad is-teach ag céim an iarratais.


Ainm agus seoladh: Ní mór d'achomharc ainm agus seoladh an achomharcóra a lua agus ainm agus seoladh an duine, más ann dó, atá ag gníomhú ar a s(h)on.

Achomhairc de réir Ceantair

Sin aguisín 3, is féidir anailís a fháil mar gheall ar cinní iarratais phleanála, achomhairc agus cinní achomharc, faoin gach údarás contae agus cathrach an iomlán, b'ionann líon na n-achomharc a fuarthas agus céatadán 8.7% de na cinní a rinne údaráis áitiúla faoi iarratais ar phleanáil 9.0% a bhí ann in 2009. Bhí na leibhéil is airde achomharc ar cinní ag Cathair Bhaile Átha Cliath (17.8%), Dún Laoghaire / Ráth an Dúin (16.9%), ag agus ag Fine Gall (13.5%) Is iad seo a leanas na ceantair inar chuir an Bord an líon is mó cinní achomharctha ar ceal: Dún na nGall (56.4%), Cheatharlach (56.0%) agus Ros Comáin (53.3%). Ba iad na ceantar leis an líon is lú cinní achomharctha a chuir an Bord ar ceal ná Chathair na Gaillimhe (11.1%), Chathair Luimnigh (22.7%) agus Contae Bhaile Átha Cliath Theas (26.6%).

FIGURE 8
Appeals received, disposed of and on hands 2001 to 2010

FIGIÚR 8
Achomharc a fuarthas, a cuireadh de láimh 2001 go dtí 2010



Major Infrastructure Appeals

The number of major infrastructure appeals received during 2010 was 127. The number disposed of was 188, of which 33 % were disposed of within the statutory objective period. The average time taken to dispose of major infrastructure appeals was 29 weeks. The following are the broad criteria that are currently applied in deciding whether a planning appeal should receive major infrastructural status:

- National, regional and/or local projects of significant economic potential;
- Development of significant employment potential;
- Large scale industrial/commercial/retail/residential/tourism projects including mixed use projects;
- Large scale urban redevelopment/regeneration projects;
- Tall buildings (normally in excess of 15 storeys);
- 200+ unit housing developments;
- Large scale retirement homes/villages;
- Large energy generation and transmission projects. Normally transmission lines in excess of 15km only.
- Significant windfarm projects (normally in excess of 15 turbines);
- Large scale landfill, waste projects (normally in excess of 20ha. working area) waste water treatment, incinerators;
- Large scale mining/major quarrying projects (normally excess of 20ha. working area);
- Strategic Development Zones;
- Major medical/health facilities including hospitals and major medical centres and extensions to such facilities;
- New school buildings/educational facilities and extensions to existing facilities (permanent or temporary);
- New significant transportation infrastructure including rail way stations, river quays, airport infrastructure, roads infrastructure and service areas;
- Large scale sports stadia and /or sports/leisure facilities;
- Other cases whether through scale, nature, significant public interest or importance justify priority MIA status.

Achomhairc um Mórbonneagar

Ba é 127 an líon achomharc maidir le mórbonneagar a fuarthas sa bhliain 2010. Ba é 188 an líon a cuireadh de láimh, ar cuireadh 33% díobh de láimh laistigh den spriocthréimhse reachtúil. Ba é 29 seachtain an meántréimhse a thóg sé achomhairc maidir le mórbonneagar a chur de láimh. Seo a leanas na critéir leathana a chuirtear i bhfeidhm i láthair na huaire agus cinneadh á dhéanamh cibé acu ar cheart stádas mórbonneagair a thabhairt d'achomharc pleanála:

- Tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla a bhfuil gealladh mór eacnamaíoch fúthu;
- Forbairt a bhfuil gealladh mór fostaíochta fúithi;
- Tionscadail thionsclaíocha /thráchtála/mhiondiola/chónaithe/turasóireachta ar an mórchoir lena n-áirítear tionscadail ilchineálacha;
- Athfhorbairt/athchóiriú uirbeach ar an mórchoir
- Foirgnimh arda (os cionn 15 urlár de ghnáth);
- Forbairtí tithíochta de 200+ teach; Tithe/sráidbhailte scoir ar an mórchoir;
- Tionscadail ghiniúna agus tarchuir fuinnimh ar an mórchoir.
- Línte tarchuir os cionn 15km amháin, de ghnáth.
- Tionscadail mhóra feirm ghaoithe (os cionn 15 tuirbín de ghnáth);
- Tionscadail líonta talún, tionscadail dramhaíola (os cionn 20 heicteár de limistéar oibre de ghnáth), tionscadail chóireála dram huisce, loisceoirí ar an mórchoir;
- Tionscadail mhóra mianadóireachta/cairéalaithe (os cionn 20 heicteár de limistéar oibre de ghnáth);
- Criosanna Forbartha Straitéisí;
- Mórshaoráidí míochaine/sláinte lena n-áirítear ospidéal agus mórionaid mhíochaine agus leathnú ar na saoráidí sin;
- Foirgnimh nua scoile/saoráidí oideachais agus leathnú ar shaoráidí atá ann cheana (idir bhuan agus shealadach);
- Bonneagar suntasach nua iompair, lena n-áirítear stáisiúin iarnróid, céanna abhann, bonneagar aerfoirt, bonneagar bóithre agus limistéir sheirbhíse;
- Staideanna spóirt agus/nó saoráidí spóirt/áineasa ar an mórchoir;
- Cásanna eile cibé acu ar bhonn scála, nádúir, leas suntasach poiblí nó tábhachta a thuilleann stádas tosaíochta MIA dá bharr.

There is a case by case analysis of the requirement to give a file MIA status at an early stage on receipt by the Board. Other cases of significance may also be considered for inclusion on the MIA list as appropriate.

Submission of documents to the Board by Planning Authorities

In 2010, planning authorities submitted the planning file and other documents in relation to appeals to the Board within the statutory period of two weeks in 83% of appeals (82% in 2009).

Rural Housing

The Minister for the Environment, Heritage and Local Government launched the Sustainable Rural Housing Guidelines in April 2005. As the guidelines are issued under section 28 of the Planning and Development Act 2000 the Board must have regard to them. An analysis of the outcome of appeals relating to one-off rural houses is contained in Appendix 2.

Déantar anailís cás ar chás ar an ngá atá ann stádas MIA a thabhairt do chomhad go luath arna bheith faighte ag an mBord. D'fhéadfaí cásanna suntasacha eile a bhreathnú agus a chur ar an liosta MIA de réir mar is cuí.

Doiciméid á gcur ar aghaidh chuig an mBord ag Údaráis Phleanála

Sa bhliain 2010 chuir údaráis phleanála an comhad pleanála agus na doiciméid eile a bhain le hachomhairc chuig an mBord laistigh den spriocthréimhse reachtúil coicise in 83% d'achomhairc (82% sa bhliain 2009).

Tithíocht Tuaithe

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Treoirlínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe in Aibreán na bliana 2005. Toisc go n-eisítear na treoirlínte faoi alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ní mór don Bhord aird a thabhairt orthu. Gheofar anailís ar thorthaí na n-achomharc a bhain le tithe tuaithe aon uaire ar Aguisín 2.

STRATEGIC INFRASTRUCTURE CASES

Since January 2007 and the commencement of the relevant provisions of the Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006, the Board became the planning consent authority for strategic infrastructure projects in the energy, transport and environmental areas (whether promoted by the public or private sector), including rail transport, gas pipelines and electricity generation and transmission. It also became responsible for determining applications for compulsory acquisition relating to gas, airport and railway projects. Health Infrastructure was added as a category by the Planning and Development (Amendment) Act 2010.

Certain local authority development applications and associated compulsory acquisition cases also became classified as strategic infrastructure in the 2006 Act. These cases have, however, been dealt with by the Board since 2001.

In 2010, the Board determined 7 applications for permission for strategic infrastructure development specified in the Seventh Schedule to the Planning and Development Act, 2000, as amended. The Board also decided 1 electricity application and 1 railway application. An oral hearing was held in relation to 7 cases. The average time to determine the above cases was 50 weeks from the date of lodgement of the application.

FIGURE 9 Strategic Infrastructure Cases (excluding Local Authority Cases)

	Received	Concluded	On-hands
	2010	2010	end 2010
Consultation Requests	39	38	39
Applications	7	11	10
Scoping Requests	2	0	4
Alteration/Ammendment Requests	2	2	1
Total	50	51	54

In respect of the 11 applications concluded in 2010, 9 were formally determined by the Board and 2 were withdrawn. Of the 9 decisions, 3 (33%) were made within the statutory objective time period. 8 cases were the subject of approval decisions (subject to conditions) while 1 was refused approval.

CASANNA BONNEAGAIR STRAITÉISIGH

